## Measúnú

### Measúnú Leanúnach Foirmitheach

Luann Creat na Sraithe Sóisearaí (2015) gur príomhghné den tSraith Shóisearach é an measúnú foirmitheach. Is éard atá i gceist leis an measúnú foirmitheach ná nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise den fhoghlaim a bhailiú i rith an phróiseas foghlama, agus nuair a úsáidtear iad chun an teagasc a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais an scoláire. Cabhraíonn an próiseas le múinteoirí agus le scoláirí faisnéis a bhailiú faoi dhul chun cinn an scoláire agus nuair is gá, mionathruithe a dhéanamh maidir le cur chuige an mhúinteora ina theagasc agus maidir le cur chuige an scoláire i leith na foghlama. Dá réir sin cuirfear treoir ar na scoláirí agus iad ag tabhairt faoi na MRBnna sa dara agus sa tríú bliana.

### Measúnú Rangbhunaithe 1

*'Duine Tiomanta'*

Thar thréimhse ama ar leith, déanfaidh scoláirí taighde agus cur i láthair ar dhuine a raibh tionchar dearfach ag a chruinneshamhail nó a chreideamh reiligiúnach ar an saol ina thimpeall san am atá thart nó san am i láthair.

### Measúnú Rangbhunaithe 2

*'An duine ar thóir na brí'*

Thar thréimhse ama ar leith, fiosróidh scoláirí fianaise ealaíne, ailtireachta nó seandálaíochta a thaispeánann slite inar phléigh daoine le creideamh reiligiúnach /an duine ar thóir na brí agus cuspóir an tsaoil.

### Tasc Measúnaithe

Ar chríochnú an Dara Measúnú Rangbhunaithe dóibh, tabharfaidh scoláirí faoi Thasc Measúnaithe a bheidh á mharcáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus a mbeidh 10% de mharcanna an scrúdaithe dheiridh ag dul leis.

### An Scrúdú Deiridh

- Páipéar Scrúdaithe amháin
- Socraithe ar Leibhéal Comónta, ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSC)
- Mairfidh sé dhá uair a chloig
- Tarlóidh sé ag deireadh an tríú bliain

## Eolas

### www.curriculumonline.ie

Ar shuíomh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) gheobhaidh tú príomhdhoiciméid ar nós na sonraíochta don Oideachas Reiligiúin, treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus eolas i dtaca leis an Tasc Measúnaithe.

### www.jct.ie

Ach dul ar shuíomh gréasáin na sraithe sóisearaí do mhúinteoirí, tiocfaidh tú ar eolas maidir le:

- Leathanach Ábhair Oideachas Reiligiúnach
- Príomhdhoiciméid
- Ceardlanna FGL
- Tacaíochtaí Pleanála
- Acmhainní
- Measúnú
- Nuacht / Imeachtaí

Lean sinn ar Twitter:

**@JCT_RE**
**@JCforTeachers**

**www.jct.ie**

**info@jct.ie**



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Eolas ar Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach

Ionad Oideachais Mhuineacháin
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

